# Istigh i mo chroí ‘tá neart

Risteard Mac Dhaibhéid

# Foireann

Daidí

Mamaí

Bríghid

Mary

Páiste 1

Páiste 2

Páiste 3

Oifigeach

Cúpla saighdiúir

**Daidí** Is drocham é seo do mhuintir na háite agus do mo chlann féin. Tá muid uilig buartha ar fad faoi cad é atá romhainn. Tá an tiarna talún ag cuartú a chíosa le 3 mhí anuas ach níl sé agam agus ní bheidh. Ní thig liom féin nó le mo chlann bheith beo ar an talamh seo. Amharcaigí air! Tá sé go holc. Tá sé cnápanach cáidheach agus ní fhásann rud ar bith air. Tá a fhios ag na páistí go bhfuil rud éigin cearr.

Caithfidh mé bheith láidir do mo chlann. Níl rud ar bith eile fágtha agam ach mo láidreacht.

# Radharc 1

*Beirt chailíní ag déanamh damhsa ar an ardán…nó cailín amháin ag déanamh damhsa ag impí ar an chailín eile damhsa léi. Náire ar an chailín sin.*

**Bríghid** Goitse a Mhary agus déan damhsa liom!

**Mary** Ní dhéanfaidh! Imigh leat! (*ag gáire*)

**Bríghid** Dhéanfadh Mícheál Ó Cnáimhsí damhsa liom! Goitse aníos anois a Mhicí boy agus déan damhsa liom!

*ag damhsa léi fein thart fán chistin.*

Ó a Mhicí tá tú ar dóigh ag damhsa. Ó a Bríghid tá tú féin níos fearr! Go raibh maith agat a Mhicí.

*Stopann sí den damhsa.*

Oh is grá liom Micheál Ó Cnáimhsí agus is grá le Mícheál Ó Cnáimhsí Bríghid Frances Nic Pháidín.

**Mary** Tá tusa glan ar mire a Bhríghid!

*Mamaí ag teacht isteach, a lámha lán d'éadaí.*

**Mamaí** Cad é atá ag dul ar aghaidh idir an bheirt agaibh?

**Mary** Tá Bríghid s'againn ar strae a Mhamaí. Tá sí sáite i ngrá le Mícheál Ó Cnáimhsí!

**Mamaí** Och chan go fóill a Bhríghid!

*Buaileann sí í le píosa éadaigh.*

**Bríghid** Bí thusa ciúin a Mhary. Tá éad ort!

*Lámh le lámh le mamaí.*

**Bríghid** An maith leat bheith ag déanamh obair an tí a mhamaí mar is fuath liomsa í!

**Mamaí** Is grá liom é go mór...thíos ar mo dhá ghlúin ó mhaidin go hoíche...mo chosa, mo ghlúine is mo lámha cáidheach lofa...tá mé ar mhuin na muice!

**Bríghid** Níl se chomh holc leis sin!

**Mamaí** Is minic a bhím ag brionglóidí go bhfuil mé i mo chónaí i dteach mór galánta i Meiriceá agus gairdín tosaigh agus gairdín cúil ollmhór lán le bláthanna ildáite agus an ghrian ag scoilteadh na gcloch.

*Siúlann mamaí a fhad leis an fhuinneog agus léine ina lámh, á filleadh ag an am chéanna.*

*Tagann beirt pháistí eile isteach ansin.*

**Páiste** a Mhamaí cad é atá againn fá choinne an dinnéir a mhamaí?

**Mamaí** Sin deireadh leis an bhrionglóidí!

**Páiste** Tá an aimsir ag dul in olcas a mhamaí. Dá bhfeicfeá na scamaill mhóra liatha amuigh ansin.

**Mamaí** Tá se go holc go cinnte.

**Páiste 1** Cá háit a bhfuil na gasraí a mhamaí?

**Mamaí** Tá siad ar chúl an tí le daidí ag fáil móna.

**Páiste 2** Tá siad ar shiúl tamall fada.

**Páiste 1** Is dócha go bhfuil siad caillte.

*Déanann siad uilig gáire.*

*Tagann na gasraí agus daidí isteach.*

**Páiste 1** Sa deireadh thiar thall!

**Páiste 3** Tá an mhóin seo trom.

**Páiste 1** Tá an mhóin seo trom. *(Go tairscineach.*)

**Mamaí** A Mhicí cad é atá muid a dhul a dhéanamh má bhíonn an tiarna talún ag cuartú a chíosa arís inniu?

**Daidí** Ní bheidh siad ar ais Mary. Tá me cinnte nach mbeidh.

**Mamaí** Dúirt tú sin an tseachtain seo caite agus tháinig siad an lá ina dhiaidh. Éist liom, tiocfaidh siad ar ais agus ciceálfar amach ar an tsráid muid. Cad é a dhéanfaidh muid ansin? Cad é a dhéanfaidh muid ansin?

*Siúlann páistí 1 & 2 a fhad leis an fhuinneog.*

**Páiste 1** **A** Dhaidí, a dhaidí tá siad ar an bhealach! Cad é a dhéanfaidh muid?

**Daidí** Cá háit? Cá háit? Ní thig liom iad a fheiceáil.

**Páiste 2** Ansin Daidí, ag barr an lána!

**Daidí** Suígí sibhse síos ar an urlár thall ansin. Anois gasta gasta! Ná bígí buartha. Beidh gach rud ceart go leor.

**Mamaí** Nár dhúirt mé leat go mbeidh siad ar ais. Cad é atá muid a dhul a

dhéanamh anois in ainm Dé!

*Baineann Maggie a naprún di agus buaileann sé leis é.*

**Daidí** Fág agam é a Mhaggie. Fág agam é!

*Tagann Oifigeach isteach agus cúpla saighdiúir leis.*

**Oifigeach** Níor íoc sibh cíos ar bith le trí mhí anuas. An bhfuil airgead ar bith agaibh anois?

**Daidí** Níl...níl ach beidh se agam amárach go cinnte.

**Oifigeach** Dúirt tú sin an tseachtain seo caite. Níl an tiarna talún sásta libh ar chor ar bith. Amach libh as an teach. Amach libh go díreach anois nó cuirfidh na saighdiúirí seo an teach trí thine.

**Daidí** Ach níl áit le dul againn.

**Mamaí** Le do thoil. Le do thoil. Ná ciceáil amach as an teach muid. Cad é faoi na páistí?

**Oifigeach** Éistigí liomsa anois. Tá an talamh ar a bhfuil an teach seo de dhíth ar an tiarna talún. Bhí neart ama agaibh teacht ar an chíos. Tá an locht oraibh féin.

**Daidí** Tá an locht orainn! Thóg mise an teach seo le mo dhá láimh féin. Amharc orthu! Mé fein a thóg é cloch ar chloch gan chuidiú ó dhuine ar bith agus is cinnte gan pioc cuidithe ón tiarna talún.
Ba chóir go mbeadh náire an domhain ort, ag teacht isteach anseo chuig mo theach féin os comhair mo chlainne...ag déanamh obair shalach na saighdiúirí sin.

**Oifigeach** Níl me ach ag déanamh an phoist s'agam.

**Mamaí** Post? Post? Ní thabharfainn 'post' ar an rud a dhéanann tusa. Is búistéir thú!

**Páiste 1** Mamaí cad é atá ag dul ar aghaidh?

**Páiste 2** Tá siad fá choinne muid a chiceáil amach as an teach.

**Páiste 3** Imigh leat as an teach seo anois!

**Oifigeach** Ní bhaineann sé leatsa!

**Paiste 3** Baineann sé linn go cinnte!! Tá tú dár gciceáil amach as an teach s'againn féin.

**Daidí** Ciúnas anois a pháistí!

*Faigheann Daidí greim sciatháin ar an fhear agus glacann sé an t-oifigeach go tosach an ardáin.*

**Daidí** Le do thoil…ná déan seo os comhair mo chlainne...chan anocht le do thoil. Nach dtiocfadh leat seachtain a thabhairt dom…níos lú ná seachtain fiú…cúpla lá is beidh an cíos ar fad agam. Ta mé cinnte go mbeidh.

**Oifigeach** Beidh an cíos ar fad agat? Cén dóigh a mbeidh an cíos ar fad agat i gcionn cúpla lá nuair nach raibh sé agat le trí mhí?

**Daidí** Tá mé ag fanacht ar mo dheartháir Pat teacht abhaile ó Mheiriceá am ar bith an tseachtain seo agus dornán mór airgid leis. Tá post mór aige i Meiriceá. Tá aithne agat air. Tá sé ag obair le do dheartháir féin thall.

**Oifigeach** Tá a fhios agat nach mbeidh do dheartháir Pat nó deartháir ar bith eile de do chuid ag teacht le dornán mór airgid duit. Stad de bheith ag cur mo chuid ama amú.

**Mamaí** Nach dtiocfadh leat lá eile a thabhairt dom le do thoil?

**Oifigeach** Tá go dtí an t-am a luíonn an ghrian tráthnóna agaibh an teach a fhágáil nó cuirfear trí thine é.

**Daidí** Lá eile, le do thoil!!!

**Ceol** ***Istigh i mo chroí ta neart***
***Pilleann na saighdiúirí agus cuirtear an teach trí thine.***

*Tagann damhsóirí isteach ansin agus amhránaí ag ceol, '* ***Níl ann ach ár n-aibhneachaa atá saor.'***

---